# PUFFIN ROCK

## LEABHAR GNÍOMHAÍOCHTA FIADHÚLRA



Juanita Browne

Arna mhaisiú ag

Enora Le Luherne

## D'ullmhaigh an Chomhairle Oidhreachta agus Cartoon Saloon an leabhar seo i gcomhpháirt le chéile, agus é bunaithe ar shaothar ealaíne agus teachtaireacht an scannáin 'Puffin Rock agus Cairde Nua'.

Féach www.heritagecouncil.ie/puffinrock chun tuilleadh faisnéise agus gníomhaíochtaí a fháil.

Cabhraíonn an Chomhairle Oidhreachta leis an dúlra a chosaint in Éirinn. Trí threoracha cosúil leis an gceann seo a fhoilsiú, féachann sí le cabhrú le gach duine - idir thosaitheoirí agus shaineolaithe - aire a thabhairt don fhiadhúlra. Reáchtálann an Chomhairle Oidhreachta an Scéim Oidhreachta sna Scoileanna freisin, a thugann speisialtóirí chuig bunscoileanna chun eolas a thabhairt do leanaí faoin dúlra agus faoin oidhreacht trí ghníomhaíochtaí spraíúla laistigh agus lasmuigh araon.

Féach www.heritageinschools.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Arna fhoilsiú ag an gComhairle Oidhreachta sa bhliain 2023.

Arna scríobh ag Juanita Browne

**Eagarthóir:** Juanita Browne

**Bainisteoir Tionscadail:** Catherine Casey

**Arna mhaisiú ag** Enora Le Luherne/Cartoon Saloon

**Leagan amach:** vitamin.ie

Téacs © Juanita Browne. Léaráidí © Puffin Rock 2023 Le caoinchead ó Penguin Books Ltd, Dog Ears Ltd agus Cartoon Saloon. All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

Is ceadmhach fótachóipeanna a dhéanamh le haghaidh úsáid oideachasúil.

Grianghraif: lch15 Lochán; lch19 Dreoilín, snag breac, meantáin ghorma, lasair choille, colm coille, préachán dubh, meantán mór, spideoga, lon dubh, mallard, eala bhalbh, rí rua; lch24 Bumbóg, cuileog, féileacán, leamhan, foiche, ciaróga; lch30 Cnónna capaill; lch31 Crann óg darach; lch35 Cláirseach, ciaróg, gailseach, péist, damhán alla, céadchosach; lch36 Loirg choise lch43 Leanaí © Shutterstock; lch24 Canna óstán beach © Plean Uile-Éireann um Pailneoirí; lch24 Bumbóg fraoigh © Anneke O'Connor; lch24 Adhmad druileáilte © Bryan Pinchen; lch40 Leanaí ag tarraingt ag tábla © Alf Harvey. Líníochtaí: lch7 Colláis míolta móra le Anna Rothwell; lch30 Buíóg le Anna Rothwell; lch41 Bithéagsúlacht talamh feirme le Anna Rothwell; lch41 Puifín agus fia le Ronan Reid; lch41 'Luí gréine na bpuifíní' le Georgina Reid; lch41 Gráinneog agus beach blátha © Sarah Rothwell Gach grianghraf/líníocht eile © Juanita Browne.



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Cartoon Saloon



Is ann don dúlra ar gach taobh dínn!
Téigh amach agus is féidir leat an dúlra a aimsiú gach aon áit!

Cuir cluas ort féin do dhuilleoga atá ag séideadh sa ghaoth.
An féidir leat ceiliúr na n-éan nó dordán na mbumbóg a chluinstin?
Bolaigh bláth.
Cuimil do lámh in aghaidh coirt crainn.

Ní gá ainm na n-ainmhithe nó na bplandaí uile a bheith ar eolas agat chun an dúlra a iniúchadh agus chun taitneamh a bhaint as!
Ní gá an rud atá á lorg agat a bheith ar eolas agat sula dtosóidh tú ar an saol amuigh faoin spéir a iniúchadh ach oiread!



**Tá Puffin Rock, Sraith 1, 2 agus 3, ar fáil anois ar an RTÉ Player!**

# Gnáthóga



# Is ann ar domhan do na milliúin cineálacha difriúla ainmhithe agus plandaí.

Is baile an ainmhí í gnáthóg an ainmhí – inar féidir leis bia, uisce, foscadh agus áit shábháilte chónaithe a aimsiú.

## Roinnt Gnáthóg ar Puffin Rock

### Aibhneacha

Tá sruthanna, aibhneacha agus lochanna mar bhaile do chuid mhór iasc, d'éin uisce amhail ealaí agus lachain, don Chruidín álainn, agus do Marvin an Madra Uisce!

### Bogaigh

Bíonn locháin lán den bheatha – feithidí, froganna agus niúit ina measc. Feictear a lán snáthaidí móra agus béchuileanna freisin, agus iad ag eitilt thart ar bhogaigh.

### Móinéir

Tá móinéir mar bhaile do bhláthanna fiáine áille, do bheacha, d'fhéileacáin, d'éin agus do mhamaigh.



### Aillte

Is féidir a lán éan mara a fheiceáil timpeall na n-aillte – faoileáin, gainéid, forachain agus crosáin ina measc.

### Locháin charraige

I measc na n-ainmhithe a bhíonn le feiceáil i locháin charraige tá portáin, séaclaí, bundúin leice, giúrainn agus bairnigh.

### Aigéan

Sa domhan seo faoi uisce, snámhann míolta móra agus deilfeanna in éineacht le siorcanna, le scoileanna éisc agus, ar ndóigh, le puifíní!

# Cén ghnáthóg?


Meaitseáil gach ainmhí leis an áit a bhféadfá é a aimsiú.


Deilf





Puifín





Frog





Madra Uisce





Faocha Ghliomaigh




Tarraing pictiúr den áit is fearr leat sa dúlra. Cá mhéad cineál difriúil ainmhithe agus plandaí is féidir leat a chur i do phictiúr? Ná déan dearmad go bhfuil siad go léir tábhachtach!



# Déan teach ainmhí

Tóg pluaisneog nó nead d'ainmhí bréige. Bain triail as maidí a úsáid chun foscadh a chruthú agus bain úsáid as féar agus as duilleoga chun an fráma a chumhdach. D'fhéadfá nead a dhéanamh d'éan bréige freisin, agus babhla á úsáid agat chun é a thógáil le duilleoga, le maidí agus le caonach.





Roghnaíonn éin dhifriúla áiteanna difriúla chun a n-uibheacha a bhreith. Tógann roinnt éan nead bhídeach i dtoir, agus tógann cinn eile nead ollmhór i gcrainn arda. Déanann roinnt díobh neadacha láibe ar fhoirgnimh. Beireann éin eile a n-uibheacha ar an talamh nó ar laftáin charraigeacha ar aillte!

Úsáideann éin a lán ábhar difriúil chun a neadacha a dhéanamh – craobhóga, féar, caonach, léicin agus feamainn ina measc. Is gá do nead an éin gaoth, fearthainn agus stoirmeacha, fiú, a sheasamh.

**Baineann an Meantán Earrfhada úsáid as líontán damháin alla chun neantóg de chuid léicean agus caonach a fhí. Is comh láidir le cruach iad líontán damháin alla.**

# Cruthaigh do chluiche féin de Cheannbhandaí Fiadhúlra


Madra Uisce


Puifín


Deilf


Féileacán


Coinín

- Déan 10 gcárta imeartha nó níos mó trí ainmhí a tharraingt ar gach ceann díobh.
- Bain úsáid as seilitéip agus as stiallacha cairtchláir nó páipéir chun ceannbhandaí a dhéanamh.
- Measc na cártaí le chéile agus a n-aghaidh síos ionas nach féidir leat iad a aithint ó chéile.
- Roghnaigh cárta amháin agus, gan féachaint air, cuir an cárta isteach i do cheannbhanda ionas gur féidir leis an imreoir eile é a fheiceáil.
- Cuir ceisteanna 'tá' nó 'níl' ar an imreoir eile agus tabhair buille faoi thuairim ansin go dtí go bhfaighidh tú amach cén t-ainmhí atá ionat. Malartaigh róil leis an imreoir eile ansin.








## Seo a leanas roinnt ceisteanna samplacha:

- An bhfuil mé beag?
- An bhfuil mé in ann eitilt?
- An bhfuil cónaí orm in uisce?
- An bhfuil cónaí orm i gcoillearnach?
- An bhfuilim in ann uibheacha a bhreith?

## Bí i do Laoch Dúlra

Foghlaim faoinár gcuid míolta móra agus deilfeanna trí dhul isteach i nGrúpa Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann.
Féach ***www.iwdg.ie***






# Folach Bíog

**Cónaíonn a lán ainmhithe ar Puffin Rock. Déan iarracht gach ceann de na hainmhithe seo a aimsiú sa radharc thíos:**

- Baba an Mionphuifín
- 5 Dhallóg Fraoigh
- 4 Fhéileacán
- Oona an Puifín




2 Ghráinneog
4 Choinín
2 Shionnach
2 Fhrog
1 Ulchabhán
2 Bhumbóg
Tugtar Pearóidí Mara nó 'Áilteoirí na Mara' mar leasainm ar phuifíní ó am go ham mar gheall ar an ngob gealdaite atá orthu.

# An Ceann Corr

**Comhroinneann ainmhí a ghnáthóg le hainmhithe eile. Roghnaigh an ceann corr sna gnáthóga thíos.**














**Coillearnach**


Tabhair cuairt ar coillearnach chun roinnt crainn, toir agus bláthanna fiáine a fheiceáil. Tá coillearnacha mar bhaile do chuid mór ainmhí, cosúil le ioraí, broic, sionnaigh agus Fianna

# Tóg abhaile mé

Tochlaíonn roinnt ainmhithe faoi thalamh, déanann cinn eile neadacha, agus fíonn cinn eile fós líonta. An féidir leat na hainmhithe thíos a mheaitseáil lena mbaile?

Imir Searáidí Ainmhí – Cuir i gcéill gur ainmhí ar leith thú agus iarr ar do chairde buille faoi thuairim a thabhairt faoi cén t-ainmhí atá ionat



# Aithin an Difríocht

**An féidir leat deich ndifríocht idir an pictiúr uachtarach agus an pictiúr íochtarach a aithint?**








# Tráchíoradh

**Tá sé spraíúil trá a iniúchadh chun a fheiceáil cé na seoda atá le fáil uirthi. Tagann a lán rudaí spéisiúla i dtír ar thrá agus, uaireanta, thaistil siad ar na taoidí ó áiteanna atá i bhfad ar shiúl. D'fhéadfá teacht ar bhlaoscanna deasa, ar chrosóg mhara, ar phíosaí d'adhmad raice atá cumhdaithe le giúrainn agus le diúilicíní, ar smugairle róin nó ar na cásanna uibheacha ó shiorc, fiú!**





## Bí i do Laoch Dúlra

Agus tú ar an trá, d'fhéadfá cúig nóiméad a chaitheamh ag glanadh na trá. Nó d'fhéadfá teagmháil a dhéanamh le CleanCoasts.org chun dul isteach i do ghrúpa áitiúil Glantacháin Trá. Is bealach iontach é sin chun cairde nua a dhéanamh freisin.

Ní gá duit cónaí in aice leis an muir chun cabhrú le hainmhithe mara ach oiread. Is minic a iompraítear bruscar sráide ó dhraenacha chuig an muir. Mar sin, is féidir leat bruscar a phiocadh suas áit ar bith agus cabhrú lenár n-aigéin ag an am céanna!



## Ar an nGréasán

Ar mhaith leat 'lochán carraige a uchtú' trí **www.exploreyourshore.ie**?

Dá mba mhaith le do mhúinteoir nó le do thuismitheoir cabhrú leat, d'fhéadfá an lochán carraige is fearr leat a roghnú agus filleadh ar ais air ceithre huaire in aghaidh na bliana ansin chun na rudaí a fheiceann tú a thaifeadadh.





# An Bheatha Locháin

**Arbh eol duit go gcaitheann frog an chuid is mó dá shaol ar thalamh tirim, agus é ag léim thart san fhéar agus ag gabháil feithidí?**

- Gach earrach, filleann froganna ar na locháin inar thosaigh siad a mbeatha, chun a n-uibheacha a bhreith.
- Atann na huibheacha le huisce go dtí go mbeidh siad cosúil le ceirtlíní glóthaí, agus ball dubh ar gach ceann díobh. Tugtar glóthach froig ar na ceirtlíní sin.
- Tar éis dhá sheachtain nó mar sin, tagann na huibheacha amach ina dtorbáin chrothacha.
- Itheann torbán óg a lán plandaí agus éiríonn sé níos mó agus níos mó.
- Tar éis cúig seachtaine nó mar sin, fásann an torbán a chosa cúil agus tosaíonn sé ag análú, agus é ag snámh chuig an dromchla chun aer a fháil.
- Tamaillín ina dhiaidh sin, tosaíonn sé ag ithe feithidí agus ainmhithe beaga.
- Agus é thart ar 10 seachtaine d'aois, fásann sé a chosa tosaigh agus cailleann sé a eireaball.
- Faoin samhradh, éiríonn sé ina 'fhrogán – frog bídeach – agus bíonn sé réidh leis an lochán a fhágáil.



## Tóraíocht Froganna

**Cá mhéad frog is féidir leat a aimsiú ag an lochán seo? Cuir ciorcal thart ar gach ceann a aimsíonn tú.**

# Lúbra Locháin

**Aimsíonn Oona torbáin atá sáinnithe i bhfuarán beag agus tá sí ag iarraidh cabhrú leo an lochán mór a bhaint amach. Cinneann sí sruth a thochailt chun cabhrú leo snámh chuig an lochán. Tarraing an bealach ba cheart do Oona a thochailt chun gur féidir leo an lochán a bhaint amach go tapa.**





## Bí i do Laoch Dúlra

**Déan lochán beag!**



Is féidir le lochán an-bheag i do ghairdín, fiú, a bheith mar bhaile d'ainmhithe locháin – froganna, niúit agus a lán feithidí ina measc. Tiocfaidh éin agus mamaigh chuige chun ól uaidh agus chun snámh ann freisin.

## Ar an nGréasán

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tábhacht a bhaineann le locháin agus faoi conas do lochán féin a chruthú, féach na hacmhainní atá ar fáil ó An Taisce ag www.antaisce.org/ponds

Caith súil ar an bhfíseán seo, ina léirítear duit conas do lochán féin a chruthú:

*www.heritagecouncil.ie/puffinrock*





# Lúbra Puifín

Cabhraigh le Mama a ndinnéar éisc a thabhairt ar ais do Oona agus do Baba!

**Tá imill ghéara bhioracha ar ghob puifín, chun cabhrú leis iasc a choinneáil nuair a eitlíonn sé abhaile chun a theaghlach a bheathú. Chonacthas 88 n-iasc sciorracha i ngob puifín amháin tráth!**





**Caitheann puifíní an chuid is mó dá mbeatha i bhfad ar shiúl ar muir. Nuair nach mbíonn siad ag snámh ná ag eitilt, bíonn siad ag ligean a scíthe ar na tonnta.**

**Maireann puifíní thart ar 20 bliain. Is gnách go dtagann siad le chéile leis an bpáirtnéir céanna gach bliain nuair a thagann siad i dtír chun a n-uibheacha a bhreith.**

**Tugtar mionphuifín ar phuifín nuabheirthe!**

# An Dúlra Timpeall Ort a Iniúchadh



# Tóraíocht Taisce Éan

**Sa Tóraíocht Taisce seo, tugtar ort dul sa tóir ar éin atá ag déanamh na rudaí uile seo. Cé gur dócha go dtógfaidh sé tamall fada ort gach ceann de na rudaí seo a fheiceáil, má choinníonn tú súil ghéar amach agus tú amuigh, tá seans ann go bhfeicfidh tú iad go léir!**




Éan atá ag eitilt ☐



Éan atá ina sheasamh ar chraobh nó ar shreang ☐



Salachar éin ☐



Éan in uisce ☐



Rud éigin nach cuid den dúlra é ☐



Cleite ☐



Loirg éin ☐



Éan atá ag iompar rud éigin ☐



Éan atá ag ithe ☐



Ealta ☐



Éan atá ag canadh ☐



Blaosc uibhe ☐

## Bí i do Laoch Dúlra

Éirigh i do bhall de Chairde Éanlaith Éireann nó freastail ar shiúlóid nó ar chaint de chuid do chraoibhe áitiúla. Tá breis agus 30 craobh ann ar fud na tíre. Féach *www.birdwatchireland.ie*

D'fhéadfadh gur mhaith leat páirt a ghlacadh ina Suirbhé ar Éin Ghairdín nó ina Suirbhé ar Éin do Scoileanna freisin!



| Éan | Mí: Eanair | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fomhair | Deireadh Fomhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gealbhan Binne | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Druid | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Lon Dubh | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Meantán Gorm | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Spideog | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Smólach Ceoil | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Meantán Mór | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Fáinleog | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Gabhlán Gaoithe | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |



# Fuaimeanna na nÉan

**Téigh amach ag siúl agus coinnigh súil agus cluas amach do na héin.**

Cá mhéad cineál difriúil éan is féidir leat a chluinstin? An féidir leat aithris a dhéanamh ar ghlaonna nó ar cheiliúr na n-éan a chluineann tú?

An féidir leat aon cheann de na héin a fheiceáil? D'fhéadfadh go gcuirfeadh an líon ainmneacha éin atá ar eolas agat iontas ort.

Nuair a thugann tú cuairt ar áiteanna difriúla, d'fhéadfá éin dhifriúla a thabhairt faoi deara. Mar shampla, in aice le huisce, d'fhéadfá lachain nó ealaí a fheiceáil.



Lasair Choille



Meantán Gorm



Dreoilín



Snag Breac



Colm Coille



Préachán Dubh



Meantán Mór



Spideog



Lon Dubh



Mallard



Eala Bhalbh



Rí Rua

## Ar an nGréasán

Tá aipeanna fóin chliste ann lena bhféadtar a insint duit cé na héin a chluineann tú. Bain triail as 'Merlin' nó as 'Warblr'. Cabhraíonn sé sin leat a fhoghlaim conas éin a shainaithint bunaithe ar a nglaonna agus ar a gceiliúr.

D'fhéadfá liosta a choinneáil de na héin dhifriúla uile a chluineann tú.

## Bí i do Laoch Dúlra





Beathaigh d'éin ghairdín nó déan folcadán éan simplí. Amharc ar an bhfíseán seo chun leideanna a fháil ar conas baile iontach a chruthú d'éin i do ghairdín: *www.heritagecouncil.ie/puffinrock*




# Cuardach Focal Fiáin




Aimsigh ainm na n-ainmhithe seo




| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| J | P | G | F | P | E | T | R | R | M | A | E | H | G | E |
| I | I | Á | E | A | E | M | P | U | I | F | Í | N | O | I |
| H | H | M | É | L | N | M | P | S | Ó | N | R | A | H | J |
| E | L | R | P | H | P | P | R | G | G | D | O | S | B | B |
| R | C | G | R | F | R | O | G | O | L | D | Ó | E | F | O |
| L | O | U | F | F | N | N | F | H | U | O | U | I | O | L |
| C | I | N | E | E | Í | J | R | L | D | F | L | L | J | B |
| N | N | T | T | D | E | G | H | C | A | H | P | I | O | C |
| E | Í | G | L | Á | R | J | N | R | Ó | N | F | D | T | Ó |
| J | N | D | D | N | B | D | U | R | D | P | G | E | S | U |
| D | B | F | É | I | L | E | A | C | Á | N | C | F | T | E |
| T | S | A | B | P | D | O | S | R | L | S | M | E | Ó | D |
| M | T | N | P | L | D | P | B | A | R | G | H | C | Í | L |
| M | D | A | L | L | Ó | G | F | R | A | O | I | G | H | G |
| P | Ú | T | E | U | T | H | P | S | N | R | D | L | M | E |
| S | N | A | I | L | R | J | F | P | D | P | B | L | N | I |





Arbh eol duit gur feidir leis an rón glas a n-anáil a choimeád istigh ar feadh níos mó ná leathuair an chloig



# Scáthanna Fiáine

**An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi cén cineál ainmhithe atá sna scáthanna seo?**




## Timthriall Beatha an Fhéileacáin

Tarraing timthriall beatha an fhéileacáin, ó ubh go bolb go pupa go féileacán fásta. D'fhéadfá rudaí difriúla amhail duilleoga nó cruthanna pasta a úsáid freisin chun é seo a léiriú. Is uibheacha maithe iad gráinní ríse!






Is féidir leat do sciatháin féileacáin féin a chruthú le cairtchlár agus le sreangán. Is féidir leat d'aintéiní féin a chruthú le réiteoirí píopa agus le banda gruaige freisin.












# Gníomhaíochtaí Dúlra




Aimsigh néal a bhfuil cruth ainmhí air
Iarr ar dhuine fásta thú a thabhairt amach tar éis thitim na hoíche agus féach an féidir leat aon fhuaimeanna dúlra a chluinstin
Comhair na réaltaí san oíche
Tarraing pictiúr den ainmhí is fearr leat
Aimsigh an crann is mó atá timpeall ort
Suigh go ciúin lasmuigh agus féach cá mhéad fuaim dhifriúil is féidir leat a chluinstin
Siúil i bhforaois
Siúil in aice le huisce
Bolaigh bláth
Léim thart lasmuigh amhail is dá mbeifeá i do choinín
Aimsigh an duilleog is mó is feidir leat
Bog amhail is dá mbeifeá i do bholb
Aimsigh muisiriún
Féach cá mhéad planda difriúil is féidir leat a aimsiú in aon nóiméad amháin
Aimsigh líon damhán alla

# Pailneoirí

**Tá pailneoirí ina bhfeithidí an-thábhachtach a chabhraíonn le pailin a bhogadh ó bhláth amháin chuig bláth eile. Cabhraíonn sé sin leis an bplanda torthaí agus síolta a fhás. Tá beacha ar na pailneoirí is fearr.**







Líon an bhumbóg seo a 'ciseáin phailine' ar a cosa cúil chun bia a thabhairt abhaile do na beacha óga.

## Tóraíocht Taisce Pailneoir

Déan iarracht na bpailineoirí seo a aimsiú i do ghairdín



Bumbóg ☐



Cuileog ☐



Féileacán ☐



Leamhan ☐



Foiche ☐



Ciaróga ☐

## Bí i do Laoch Dúlra

Arbh eol duit go bhfuil thart ar 100 cineál beach againn in Éirinn? Cónaíonn 10 gcineál i bpoill in adhmad nó i gcloch. Is féidir leat cabhrú leo trí theach beach speisialta a dhéanamh, áit ar féidir leo beacha a thabhairt ar an saol. Is féidir leat seanchanna bia a athúsáid agus é a líonadh le píosaí bambú. D'fhéadfá roinnt tithe beach a dhéanamh, fiú, agus iad a chur i gcodanna difriúla de do chlós scoile nó de do ghairdín. Is féidir leat poill a dhruileáil i bhfálta adhmaid nó i seanstumpaí crainn freisin.

Chun foghlaim faoi conas tithe a dhéanamh do bheacha fiáine, féach www.pollinators.ie/resources





# Tóraíocht Bláthanna Fiáine

**Téigh sa tóir ar bhláthanna i do ghairdín, i do chlós scoile nó i do pháirc áitiúil agus féach cá mhéad cineál difriúil is féidir leat a aimsiú.**

- An bhfaca tú aon fheithidí ar na bláthanna?
- Féach an féidir leat na bláthanna is fearr le feithidí a shainaithint.

## Ar an nGréasán

Chun amharc ar fhíseán faoi conas cabhrú le bláthanna fiáine fás i do ghairdín, féach

*www.heritagecouncil.ie/puffinrock*



Caisearbhán ☐



Sabhaircín ☐



Crobh Éin ☐



Ruithéal Rí ☐



Lus Cré ☐



Seamair Dhearg/Bhán ☐



Rós Fiáin ☐



Fearbán ☐



Nóinín ☐



Dris ☐



Peirsil Bhó ☐



Cloigín Gorm ☐

## Tarraing

**Sna cearnóga folmha, is féidir leat aon bhláthanna eile a fheiceann tú a tharraingt.**



# Lig do na bláthanna fiáine fás

**Uaireanta, is é an rud is fearr is féidir leat a dhéanamh ar son an dúlra ná gan aon rud a dhéanamh ar chor ar bith!**

Is féidir leat cabhrú lenár gcuid féileacán agus beach trí phaiste i do ghairdín nó ar do thailte scoile a chosaint. Trí gan an féar ar do phaiste pailneoirí a ghearradh chomh minic céanna leis an gcuid eile den phlásóg, fásfaidh bláthanna fiáine amhail caisearbháin, seamra, nóiníní agus fearbáin agus cabhróidh siad le beacha a bheathú. D'fhéadfá comhartha a dhéanamh, fiú, chun a léiriú gurb é seo do phaiste pailneoirí atá ceaptha chun cabhrú le beacha!


Allium

Ná spraeáil aon cheimiceáin. Déanann a lán ceimiceán dochar dár gcuid beach agus féileacán.

Cé go bhfuil plandaí dúchasacha ar na bláthanna is fearr do phailneoirí, is féidir leat a lán cineálacha eile plandaí atá fabhrach do phailneoirí a chur i do ghairdín freisin – luibheanna blasta, crainn torthaí, toir agus bleibíní ina measc.


Fraoch


Crann úll


Lus na gréine



## Bí i do Laoch Dúlra

Cuir 'pota do phailneoirí'. Mar shampla, tá cróch lán de bhia do bheacha. Chun treoracha iomlána a fháil faoi conas pota do phailneoirí a chur, féach *www.pollinators.ie/resources*



## Ar an nGréasán

Caith súil ar an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tá a lán leideanna ann faoi conas gairdín atá fabhrach do phailneoirí a chruthú. Tá an Plean Sóisearach um Pailneoirí scríofa do leanaí go háirithe!




See *www.pollinators.ie/schools*

# Bláthanna a fháscadh





**Is féidir leat bláthanna úra a fháscadh chun gach cineál ealaíne a dhéanamh. D'fhéadfá pictiúir, cártaí bronntanas nó leabharmharcanna a dhéanamh do do bhaill teaghlaigh agus do do chairde.**

- Bailigh roinnt bláthanna gairdín, nóiníní, caisearbhán, fearbán nó duilleog tite. Roghnaigh cineálacha a bheidh tú in ann a leacú. (Ná pioc bláthanna i bhforaoisí ná i bpáirceanna móra toisc go bhféadfadh siad a bheith ina mbláthanna fiáine speisialta nó neamhchoitianta. Seiceáil le duine fásta sula mbainfidh tú an ceann d'aon bhláthanna atá á bhfás ag an duine fásta!)
- Leag do bhláthanna nó do dhuilleoga amach idir leatháin de rolla cistine agus cuir roinnt leabhar trom orthu ansin. Cabhróidh sé sin leis an uisce a fháscadh amach as na plandaí. Fág d'fháisceán bláthanna thar oíche ansin.
- An lá dár gcionn, bain na leabhair agus an rolla cistine go bog.
- Is féidir leat do bhláthanna fáiscthe a úsáid go cúramach chun cártaí bronntanas nó leabharmharcanna a dhéanamh trí iad a ghliúáil go cúramach isteach ar chairtchlár agus trí iad a chumhdach le seilitéip nó le páipéar teagmhála.





## Croch do bhláthanna!



D'fhéadfá do bhláthanna fáiscthe a fhrámáil freisin.

- Iarr ar dhuine éigin cabhrú leat fráma pictiúir a oscailt.
- Agus leathán cárta nó páipéir á úsáid agat, leag do dhuilleoga nó do bhláthanna amach i bpatrún a thaitníonn leat.
- Iarr ar dhuine éigin cabhrú leat arís an ghloine agus cúl an fhráma a chur ar ais agus do phictiúr a chrochadh ar an mballa.




## Fás do bhláthanna fiáine féin!



- Bailigh roinnt síolta caisearbháin – tá na síolta ceangailte leis na codanna clúmhacha den chlog a shéideann tú chun guí a dhéanamh!
- Líon roinnt seanphotaí iógairt le hithir agus cuir do shíolta iontu.
- Le cabhair ó thuismitheoir nó ó mhúinteoir, tabhair aire do do shíológa agus, roimh i bhfad, beidh roinnt caisearbhán gealbhuí agat a bheidh ina bhfoinse bia do bheacha!

*(Is fearr gan aon 'síolta blátha fhiáin' a cheannach i siopaí, toisc nach mbíonn siad nádúrtha in Éirinn de ghnáth. Is fearr i bhfad do shíolta féin a bhailiú!)*



# Crainn



Gníomhaíonn crainn mar scamhóga an Domhain. Is iad crainn a dhéanann an ocsaigin a análaímid.

Tugann crainn foscadh d'ainmhithe agus duitse féin, fiú – smaoinigh faoin adhmad ar fad a úsáidimid chun ár dtithe a thógáil!

Glanann crainn an t-aer agus fuaraíonn siad é

Tá sé go maith do do shláinte am a chaitheamh in aice le crainn

Is féidir le crainn cabhrú linn an tAthrú Aeráide a shárú trí charbón a thógáil ón aer

Cabhraíonn crainn le tuilte a laghdú

## Amharc ar dhuilleoga agus iad ag análú

**Bain triail as an turgnamh seo san earrach nó sa samhradh chun duilleoga a fheiceáil agus iad ag táirgeadh ocsaigine.**





- Líon babhla trédhearcach le huisce bogthe.
- Tabhair do bhabhla amach agus aimsigh crann a bhfuil duilleoga móra air. Beidh ort an duilleog a phiocadh den chrann, toisc gur gá di a bheith ina duilleog bheo 'ghníomhach'.
- Díreach ina dhiaidh sin, cuir an duilleog sa bhabhla uisce agus cuir cloch os a cionn ionas go mbeidh an duilleog ar fad faoi bhun an uisce.
- Cuir an babhla in áit ghrianmhar lasmuigh.
- Beidh ort fanacht ansin!
- Tar éis cúpla uair an chloig, ba cheart go bhfeicfeá boilgeoga beaga timpeall ar an duilleog agus ar an mbabhla.
- Chruthaigh do dhuilleog ocsaigin!



# Duilleoga, torthaí agus síolta

**Téigh amach chuig gairdín nó chuig páirc agus féach cá mhéad crann difriúil is féidir leat a fheiceáil.**

*Cá mhéad cruth difriúil duilleoige is féidir leat a aimsiú?*












Tabhair rogha de dhuilleoga tite abhaile leat do thionscadail ealaíne.

D'fhéadfadh gur mhaith le do mhúinteoir 'Bord Dúlra' a shocrú i do sheomra ranga.

D'fhéadfá do dhuilleoga a rianú, a sceitseáil nó a phéinteáil.

**An féidir leat aon duilleoga a shainaithint?**



Beith



Trom



Crann Cnó Capaill



Coill



Cuileann



Dair



Eidhneán

Cuir leathanach os cionn duilleoige agus cuimil é le crián chun cuimilteán duilleog a dhéanamh.






Is féidir leat triail a bhaint freisin as duilleoga a rolladh thar pháipéar gan aon phéint ar bith a úsáid! An féidir leat aon dath a fheiceáil ar do leathanach? Is é an dath sin na líocha nádúrtha ón duilleog – tá siad á bhfáscadh isteach ar an leathanach.







Bailigh duilleoga tite san fhómhar agus feicfidh tú a lán dathanna difriúla





Ní chailleann roinnt crann a nduilleoga san fhómhar, agus tugaimid 'crainn shíorghlasa' orthu dá bharr

Téigh ar lorg torthaí fómhair agus síolta fómhair (ach seiceáil le duine fásta i gcónaí sula bpiocfaidh tú iad!)



Caora Cuilinn



Sceach Gheal/ Sceach



Cnónna Coill



Cnónna Capaill



**Pioc dornán sméar dubh blasta ar lánabhealaí. Pioc cnónna coill, dearcáin agus síolta eile chun iad a chur.**



Silíní Fiáine



Dearcáin



Póirín Sneachta

## Nua-ealaín dhuilleach!

Cóirigh duilleoga i bpatrún a thaitníonn leat agus péinteáil timpeall na nduilleog agus trasna na nduilleog nó bain úsáid as na duilleoga mar stampaí.













## Ar an nGréasán

Amharc ar fhíseán ó Gordon D'arcy, ealaíontóir fiadhúlra, ina mínítear conas éin a tharraingt:

*www.heritageinschools.ie/online-tutorials/wildlife-art-for-beginners*





# Déan Clingíní Gaoithe den Dúlra

1. Aimsigh roinnt craobhacha tite agus roinnt míreanna dúlra – caora péine, blaoscanna, cnónna, síolta, duilleoga tite nó síolta tite.

2. Déan fráma trí na maidí a cheangal le chéile.

3. Bain úsáid as sreangán nó as ribín ansin chun gach ceann de do mhíreanna dúlra a cheangal le do chraobh chun clingíní gaoithe áille a dhéanamh do d'fhuinneog, do do ghairdín nó do do bhalcóin.









D'fhéadfá do chlingíní gaoithe a chrochadh ar chrann – nó laistigh, fiú!



* Cuimhnigh i gcónaí do lámha a níochán tar éis duit ainmhithe, ithir nó cleití a láimhseáil





## Ar an nGréasán

San fhómhar, d'fhéadfá do shíolta féin a bhailiú lena gcur. Foghlaim faoi chrainn agus faoi conas síolta a bhailiú agus do chrainn Éireannacha dhúchasacha féin a fhás – le cabhair ó Chomhairle Crann na hÉireann. Féach *www.treecouncil.ie*



## Bí i do Laoch Dúlra




D'fhéadfá labhairt le do thuismitheoirí nó le do scoil faoi chrann a chur sa ghairdín nó i bpota mór, fiú. Tabhair aire dó, uiscigh é, agus amharc air agus é ag fás, cosúil leatsa féin.

D'fhéadfá obair go deonach ag imeacht curtha crann le hIontaobhas na gCoillte Dúchasacha freisin. Féach www.nativewoodlandtrust.ie/



# An crann is fearr leat

**Téigh ar lorg crann agus roghnaigh an crann is fearr leat i do ghairdín nó i do pháirc áitiúil.**

I ngach séasúr, is féidir leat cuairt a thabhairt ar do chrann agus é a tharraingt nó grianghraf a thógáil de chun a rianú cé na hathruithe a thagann air.



Earrach

Samhradh

Fómhar

Geimhreadh



**Leid:**
**Seiceáil le duine fásta chun nach roghnóidh tú crann síorghlas mar nach dtiocfaidh mórán athruithe air thar na séasúir!**

# Ealaín Foraoise

## Déan pictiúr greamaitheach dúlra!



Teastóidh uait seanfhráma pictiúir agus rolla páipéir teagmhála – an cineál a úsáidtear chun leabhair scoile a chlúdach.

Iarr ar dhuine fásta cabhrú leat an fráma pictiúir a oscailt agus sín an páipéar teagmhála thar chúl an fhráma pictiúir, agus an taobh greamaitheach á choinneáil os do chomhair.

Ansin, aimsigh roinnt bláthanna deasa gairdín, roinnt peiteal tite nó roinnt duilleog tite ba mhaith leat a chur i do phictiúr agus greamaigh iad de.







D’fhéadfá do fhráma féin a dhéanamh freisin trí na maidí a cheangal le chéile trí úsáid a bhaint as ribín nó as sreangán.

# Téigh ag seoltóireacht!

Má tá cónaí ort in aice le huisce, d’fhéadfadh gur mhaith leat bád dúlra a dhéanamh.

- Má tá cónaí ort in aice le huisce, d’fhéadfadh gur mhaith leat bád dúlra a dhéanamh.
- Faigh píosa coirte nó píosa adhmaid chothroim éadroim, duilleog mhór agus craobhóg.
- Iarr ar dhuine fásta cabhrú leat poll a chur san adhmad chun do ‘sheol duilleoige’ a chur isteach.
- Murar mhaith leat do bhád a chailleadh, ceangail píosa fada sreinge leis trí pholl eile ionas go mbeidh tú in ann é a choinneáil i do lámh agus do bhád a tharraingt ar ais go dtí an cladach.
- Seol do bhád ansin agus féach an bhfanfaidh sé ar snámh. Bí an-chúramach, áfach, gan sleamhnú isteach san uisce!





Is feidir leat rafta a dhéanamh






# Preab!

Cónaíonn coinín i 'gcoinicéar'. Is gréasán tollán agus neadacha faoi thalamh é sin, agus comhroinneann an coinín é lena theaghlach mór.

Cabhraigh leis an gcoinín seo a bhealach a aimsiú trí na tolláin agus ar ais go dtí a babaithe.




**Tugtar 'ál coiníní' ar choiníní óga. Tá coiníní fireanna agus coiníní baineanna araon ann.**

# Taiscéalaithe Ithreach



Tá níos mó ná salachar ann san ithir atá faoi bhun do chos. Is san ithir atá a lán ainmhithe an-tábhachtach a dtugaimid 'dianscaoilteoirí' orthu. Ina measc sin tá péisteanna, drúchtíní agus feithidí a dhianscaoileann plandaí marbha.
**Roll cloch mhór nó lomán thart agus féach an féidir leat aon cheann de na hainmhithe seo a fheiceáil**

**Arbh eol duit gur Crústach í Cláirseach dáiríre? Mar sin de, tá sí níos cosúla le portán ná mar atá sí le feithid!**





Ciaróg | Gailseach | Péist | Damhán Alla | Cláirseach | Céadchosach

D'fhéadfadh gur mhaith leat triail a bhaint as píosa adhmaid nó slinne a chur ar phaiste de do ghairdín agus filleadh ar ais air tar éis dornán laethanta chun a fheiceáil an bhfuil aon neacha ina bhfolach faoina bhun.

*Tar éis duit d'imscrúdú a chríochnú, ná déan dearmad ar an lomán a chur ar ais mar a bhí sé.



## Bí i do Laoch Dúlra

Tóg do ghnáthóg lomáin féin sa bhaile nó ar scoil. Iarr cead ó do mhúinteoir nó ó do thuismitheoir roimh ré, áfach! Amharc ar an bhfíseán seo:

*www.heritagecouncil.ie/puffinrock*

**Téigh ar lorg cleití agus déan iarracht buille faoi thuairim a thabhairt faoi cén cineál éin ar leis iad. Cén dath atá ar an éan? An éan mór é nó an éan beag é?**








# Cé leis na loirg choise?

Is ainmhithe cúthaile iad an chuid is mó d'ainmhithe fiáine agus ceileann siad iad féin ar dhaoine. Mar sin féin, is féidir linn a gcuid rianta agus lorg a fheiceáil faoin tuath. Coinnigh súil amach do loirg choise i láib, i ngaineamh nó i sneachta, agus déan iarracht buille faoi thuairim a thabhairt faoi cé a bhí ag siúl ann bunaithe ar chruth agus ar mhéid na lorg coise a d'fhág siad ina ndiaidh.

# Déan do loirg éin féin!

Is féidir leat réiteoirí píopa agus péint a úsáid chun do loirg éin féin a chruthú.

- Cas do réiteoirí píopa chun cruth chos an éin a dhéanamh.
- Doirt braonta beaga péinte isteach ar phláta nó ar phailéad.
- Tum do chosa éin isteach sa phéint agus ansin siúil na cosa beaga greannmhara sin ar nós éin thar leathán páipéir.

(Leid inbhuanaitheachta: Is dea-smaoineamh é úsáid a bhaint as sean-nuachtáin in ionad páipéar nua do thionscadail ealaíne cosúil leis seo)





# Na Chéad Chéimeanna Eile





Sa scannán 'Puffin Rock agus Cairde Nua', scriosadh gnáthóg na bpuifíní le stoirm mhór agus bhí orthu a mbaile a fhágáil agus eitilt go Puffin Rock chun foscadh a fháil.

Bíonn a lán bagairtí os comhair ainmhithe fiáine. Ina measc sin go háirithe tá cailleadh a ngnáthóg agus an t-athrú aeráide, agus is gá do gach duine dínn cabhrú le hiad a chosaint.

## Seo iad roinnt dóigheanna simplí ar féidir leatsa cabhrú leis an Domhan:

- Foghlaim faoin bhfiadhúlra! Agus comhroinn d'eolas le daoine eile chun an grá a scaipeadh! Inis do do bhaill teaghlaigh agus do do chairde cé chomh tábhachtach is atá an fiadhúlra duitse agus do gach duine dínn.
- Ná caith bruscar.
- Sábháil uisce – cas as an sconna nuair atá tú ag scuabadh d'fhiacla. Bíodh cithfholcthaí níos giorra agat.
- Ná sruthlaigh aon phlaisteach, aon cheirtíní taise, aon olann chadáis ná aon fhlas síos an leithreas.
- Déan iarracht gan bia a chur amú.
- Sábháil fuinneamh – díphlugáil míreanna leictreacha nuair nach bhfuil siad in úsáid agus cas as na soilse i seomraí folmha. Is beag an ní nach cuidiú é!
- Téigh ar an mbus! Más féidir leat déanamh amhlaidh, bain úsáid as an iompar poiblí.





- Bain úsáid as d'fhuinneamh glas féin! Taistil de rothar nó de shiúl na gcos nuair is féidir leat.
- Laghdaigh an méid a cheannaíonn tú. Dá laghad a cheannaímid is ea is fearr é!
- Athúsáid – an féidir leat rudaí a athúsáid in ionad iad a chur go díreach isteach sa bhosca bruscair?
- Athchúrsáil – cabhraigh le do theaghlach nó le do scoil an dramhaíl a scaradh lena hathchúrsáil.
- Bain úsáid as mála droma in ionad málaí plaisteacha.
- Bain úsáid as bosca lóin in ionad málaí nó scragall stáin a úsáid.
- Éirigh i do bhall de ghrúpa áitiúil dúlra nó glac páirt in imeachtaí an ghrúpa.

Cosúil leis na hainmhithe ar Puffin Rock, is féidir linn go léir ár gcion féin a dhéanamh chun cabhrú lenár ndomhan iontach a chosaint trí obair le chéile!



# Tosaigh Dialann Dúlra

**Is é atá i nDialann Dúlra a choinneáil ná modh iontach chun gach a bhfuil feicthe agus foghlamtha agat faoin dúlra a rianú.**



De réir mar a chuireann tú le do dhialann, feicfidh tú conas a athraíonn an dúlra thar na séasúir.

Is féidir leat taifead a dhéanamh den aimsir agus a thaifeadadh an bhfuil aon duilleoga ann ar na crainn nó an bhfuil aon bhláthanna faoi bhláth.

Beidh cóipleabhar nó leabhar nótaí ag teastáil uait, nó is féidir leat do chóipleabhar nó do leabhar nótaí féin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as leatháin pháipéir atá fillte ina dhá leath agus atá stápláilte nó ceangailte le chéile.

Is cuma cá háit a bhfuil tú, breathnaigh thart don dúlra. Beidh rud éigin le feiceáil i gcónaí. Is féidir leat do dhialann dúlra a líonadh isteach le líníochtaí de na rudaí a fheiceann tú, le scéalta agus dánta faoin dúlra, agus le liostaí de na rudaí nua uile a aimsíonn tú.




**D'fhéadfá do dialann a mhaisiu le duilleoga nó le bláthanna fáiscthe**
































**Tarraing an t-ainmhí is fearr leat nó scríobh gearrscéal faoi eachtra fiadhúlra a bhí agat.**



# Déan léarscáil fiadhúlra!

**Is é atá i léarscáil a tharraingt ná dea-chéim thosaigh i dtreo do ghairdín nó do thailte scoile a dhéanamh níos fabhraí don fhiadhúlra.**

- Tarraing imlíne gharbh d'aon fhoirgnimh agus de chruth an ghairdín nó an chlóis scoile. Beidh sé níos fusa má shamhlaíonn tú gur éan thú atá ag eitilt go hard sa spéir thar an ngairdín, agus tú ag féachaint síos ar na foirgnimh atá faoi do bhun.
- Tarraing crainn, fálta, cairn mhúirín, féar fada, neantóga agus rudaí eile sa léarscáil – aon áiteanna a measann tú go bhféadfadh fiadhúlra a bheith iontu.
- An bhfuil aon chodanna den ghairdín ann a d'fhéadfá a dhéanamh níos fabhraí don fhiadhúlra? Mar shampla, an bhféadfá scor de chodanna den phlásóg a ghearradh chun go mbeadh níos mó bláthanna fiáine ann d'fhéileacáin? Nó d'fhéadfadh go bhfeicfeá na láithreacha is fearr do bheathadáin éan nó d'óstáin beach nó áiteanna a bhféadfá bláthanna atá fabhrach do phailneoirí, nó crainn dhúchasacha, a chur.







D'fhéadfá limistéar níos mó i do cheantar a léarscáiliú freisin – mar shampla, d'eastát tithíochta, do pháirc áitiúil nó an bealach a thógann tú chun dul ar scoil.




**Cuir ceist ar do mhúinteoir faoi thús a chur le club fiadhúlra nó gairdín fiadhúlra a chruthú i do scoil**

## Ar an nGréasán

Caith súil ar an bhfíseán seo, ina léirítear duit conas léarscáil bithéagsúlachta a tharraingt:

*www.heritageinschools.ie/online-tutorials how-to-make-a-biodiversity-map-of-your-garden*



# Feasacht a chruthú

**Cabhraigh le do ghrá don dúlra a chomhroinnt le daoine eile. Is féidir leat póstaeir a úsáid chun faisnéis a chomhroinnt go héifeachtach faoinár bhfiadhúlra iontach agus faoi conas is féidir linn cabhrú leis.**

D'fhéadfadh freisin gur mhaith leat póstaeir a dhéanamh faoi bhruscar, faoi gan bia a chur amú nó faoi conas is féidir cabhrú le huisce a shábháil.

D'fhéadfá a fhiafraí de do mhúinteoir an bhféadfá póstaeir a chur suas timpeall na scoile nó comórtas póstaer a reáchtáil le grúpa Bailte Slachtmhara do cheantair áitiúil nó le hollmhargadh áitiúil.












## Ar an nGréasán

Iarr ar shaineolaí fiadhúlra cuairt a thabhairt ar do scoil.

Cabhraíonn an Scéim um Oidhreacht i Scoileanna le scoileanna ceachtanna fíorspéisiúla a eagrú le roinnt saineolaithe dúlra fhiáin iontaigh. Is féidir leo a lán cineálacha fiadhúlra i do chlós scoile nó i do pháirc áitiúil a thaispeáint duit agus d'fhéadfadh siad thú a thabhairt leo ar shiúlóid dúlra in aice abhann, i bhforaois nó feadh cladaigh, fiú! Féach *www.heritageinschools.ie*





Tá an leabhar seo lán de chluichí agus de ghníomhaíochtaí lasmuigh chun cabhrú le leanaí spéis a chur sa dúlra, bithéagsúlacht uathúil na hÉireann a imscrúdú, agus ealaín dúlra a dhéanamh. Tá súil againn go spreagfaidh sé léitheoirí óga chun leanúint dár ndomhan fiáin iontach a iniúchadh agus a chosaint agus de thaitneamh a bhaint as.



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Cartoon Saloon